



Polasaí maidir le hÚsáid na Teicneolaíochta Cúnta sa Bhaile (Daltaí agus Tuismitheoirí)

Réasúnaíocht

Cuireadh an polasaí, maraon leis na tearmaí agus coinníollacha agus an fhoirm chomhaontaithe le chéile, bunaithe ar Chiorclán 10/2013 de chuid na Roinne Oideachais agus Scileanna maidir le trealamh riachtanach theicneolaíocht chúnta le haghaidh daltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu.

Is é cuspóir na scéime cabhair dheontais a sholáthar do scoileanna chun gur féidir leo an cineál trealamh speisialtóra atá molta ag an gComhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta (NCSE) a cheannach, trealamh a mheastar atá riachtanach do dhaltaí a bhfuil na diagnóisí seo acu:

- míchumas tromchúiseach fisiceach
- agus/nó míchumas céadfach nó cumarsáide ionas go bhfuil srian ábhartha lena gcumas cumarsáid a dhéanamh ó bhéal nó i scríbhinn.
- cásanna ina bhfuil trealamh sa scoil cheana féin ach nach leor é chun riachtanais an dalta a chomhlíonadh gan teacht ar an trealamh sin a dhiúltú ar dhaltaí eile.
- cásanna ina mbeadh sé dodhéanta ar na daltaí sin leas a bhaint as an gcuraclam gan trealamh dá shórt.

Is leis an scoil aon trealamh a cheannaíonn an scoil faoi Threorlínthe na Roinne Oideachais agus Eolaíochta agus ba cheart go gcoinnítear, de gnáth, ar scoil é. Áfach, is féidir leis an mBord Bainistíochta, ceadú do dhalta an trealamh a thógáil abhaile. D'fhéadfaí é seo a cheadú nuair a aontaítear go bhféadfaí leis an dalta leas a bhaint as nó feabhas a chur ar a gcuid feidhmíochta acadúil, a gcuid foghlama agus a gcuid oibre bhaile a dhéanamh tríd úsáid a bhaint as tacaíocht teicneolaíochta ar nós ríomhaire gluine.

Is iarracht é an comhaontú seo cúram agus úsáid shábháilte an trealamh a chinntiú nuair atá sé i seilbh an dalta taobh amuigh den scoil.

Cleachtas le Teicneolaíocht Chúnta a thabhairt abhaile a cheadú:

1. Is gá do thuismitheoirí/chaomhnóirí litir ghairid a scríobh ag leagan amach na gcúinsí a fheictear dóibh go mbeadh sé riachtanach go dtabharfadh an dalta an teicneolaíocht chúnta abhaile.
2. Cuirfear an litir ós chomhair an Bhoird Bhainistíochta agus déanfar cinneadh.
3. Is gá do thuismitheoirí/chaomhnóirí an comhaontú ina iomláine a léamh agus aontú leis na tearmaí agus na coinníollacha a ghabhann leis an bpolasaí seo.

Daingníodh an Polasaí, na Tearmaí agus na Coinníollacha agus an Comhaontú ag cruinniú boird de chuid an Bhoird Bhainistíochta ar an 30/9/19.



Siniú an Chathaoirligh:

Dáta:

Tearmaí agus Coinníollacha:

1. Is le Gaelscoil Bhaile Brigín an ríomhaire glúine (nó aon ghléas theicneolaíocht chúnta nó trealamh eile atá ceadaithe)
2. Sa chás go n-athraíonn an dalta ainmnithe scoil, ag bogadh go dtí an mhéanscoil san áireamh, déanfaidh an scoil comhairleachán leis an SENO maidir le haistriú an trealaímh theicneolaíocht chúnta ceadaithe, sa chás go bhfuil sé fós oiriúnach go mbeadh an trealamh ag an dalta. Is leis an mBord Bainistíochta an cinneadh.
3. Bainfidh an dalta ainmnithe, agus an dalta ainmnithe amháin úsáid as an ríomhaire glúine (nó aon trealamh ceadaithe eile) agus ní thabharfar go nó ní dhéanfar traschur go aon triú pháirtí é.
4. Cuirfidh an tuismitheoir i gcuimhne don dalta agus múinfidh an tuismitheoir don dalta conas cúram ceart a dhéanamh den ríomhaire glúine (nó aon trealamh ceadaithe eile) an t-am ar fad nuair atá an ríomhaire/trealamh eile in úsáid agus á bhogadh ó áit go háit.
 - Ní féidir leis a bheith fágtha gan cúram in aon áit phoiblí
 - Ní féidir leis a bheith fágtha gan cúram i seomra ranga nó in aon áit eile sa scoil
 - Is gá a chinntiú go bhfuil gach sreang ríomhaire bainte amach ó na soicéid agus an ríomhaire curtha i stórais go sábháilte sa chás nuair atá an obair curtha i gcrích.
 - Ní féidir leis a bheith fágtha i radharc éinne i gcarr gan cúram nó oscailte. Is gá dó bheith faoi ghlas i mbút an chairr.
 - Ní féidir le haon triú pháirtí cur isteach ar, bain dó nó leasú a dhéanamh don ríomhaire/trealamh ceadaithe.
5. Bainfear úsáid as an ríomhaire glúine chun scileanna clóscríbh a fhorbairt, obair bhaile a dhéanamh nó aon gníomhaíochtaí scoile eile a dhéanamh. Níl cead ach cláracha nó bogearraí atá ceadaithe ag an scoil a chur ar an trealamh.
6. Beidh an ríomhaire ag an dalta gach oíche ón Luan -Deardaoin le linn na dtearmaí scoile agus tabharfar ar ais don scoil é dé hAoine don deireadh seachtaine, ach amháin má dhéantar comhaontú áitiúil eile.
7. Is gá an ríomhaire glúine agus aon trealamh ceadaithe eile a thabhairt ar ais don scoil, agus é ag obair i gceart roimh an lá deireannach don scoilbhliain, nó níos luaithe ná sin, má iarrann an scoil lena haghaidh.
8. Tá an ríomhaire glúine clúdaithe ag an árachas scoile, ach, is gá do thuismitheoirí cúram cuí a thabhairt le damáiste nó cailliúint a sheachaint.
9. Déanfaidh tuismitheoirí maoirseacht ar úsáid an ríomhaire ghlúine mar aon le gach úsáid idirlíne agus beidh sin oiriúnach d'aois an pháiste le laghdú a dhéanamh ar bhaol teagmhála le hábhar míoiriúnach.
10. Déanfaidh an Scoil seiceáil rialta ar an ríomhaire le huasdátaithe cuí a chinntiú, mar aon le bogearraí frith-víris a choinneáil suas chun dáta, chomh maith le seiceáil a dhéanamh nach bhfuil míúsáid á bhaint as an ríomhaire.



11. Bainfear úsáid as an ríomhaire ar bhonn dleathúil agus ag cloí le polasaí úsáid inghlacta na scoile maidir le húsáid eiticiúil na teicneolaíochta, úsáid a bhaint as bogearraí dleathúil, úsáid na hídirlíne agus cosaint sonraí. Aontóidh tuismitheoirí/caomhnóirí breathnú ar an bpolasaí úid agus go gcloífi leis, go háirithe maidir le húsáid sábháile agus oiriúnach an trealamh cheadaithe, ar nós ríomhairí glúine.
12. Measann an Scoil go bhfuil na rudaí seo a leanas go hiomlán míoiriúnach agus bainfear an trealamh láithreach:
 - Teach ar, seachadadh a dhéanamh ar nó ag fáil ábhar gairsiúil nó pornagrafach
 - Ag baint leasa as caimiléireacht chibear nó bradaíl (ag tógáil ábhair atá cruthaithe ag daoine eile agus á chur i láthair ar nós gur leat féin é)
 - Ag glacadh páirte i gcibearbhulaíocht
 - Ag íoslódáil nó ag cur bogearraí nó aipeanna nach bhfuil ceadaithe ag an scoil ar an trealamh.
13. Coinneofar an ríomhaire glúine i gcaoi ceart. Tuairisceofar aon locht, máchail nó mífhéidhm don phríomhoide nó don mhúinteoir ranga, a thuairisceofar don té atá i gceannas ar chúrsaí teicneolaíochta sa scoil.
14. Socróidh an scoil aon deisiúchán riachtanach ríomhaire a eascraíonn as damáiste a tharlaíonn don ríomhaire agus é faoi chúram an dalta agus íocfaidh tuismitheoirí/caomhnóirí an dalta as.
15. Ní dhíolfar an ríomhaire glúine nó ní dhéanfar é a atreorú nó a thraschur go éinne eile nó ní bhfaighfear reidh leis in aon bhealach eile.
16. Ní bhainfear aon mharcanna nó lipéid d'aon shaghas den ríomhaire nó ní dhéanfar iad a leasú in aon bhealach.
17. Má chailítear nó má ghoidítear an ríomhaire glúine, is gá don tuismitheoir/chaomhnóir é a thuairisciú do na Gardaí agus don Phríomhoide a luaite is gur féidir ó bhéal agus i scríbhinn, ag áireamh gach sonra ábhartha.
18. Toisc socraithe ceadunaithe bhogearraí maidir le húsáid ríomhaire sa bhaile, ní féidir úsáid a bhaint as an bpacáiste ríomhaire glúine chun críche aon ghnó tráchtála.
19. Má sháraítear aon cheann dena tearmaí nó coinníollacha seo, forchoimeadann an Bord Bainistíochta an ceart an comhaontú seo a aistharraingt.



Caomhaontú maidir le tógáil abhaile Teicneolaíocht Chúnta gur leis an Scoil é.
Agreement for Signing by Pupil and Parent
Re: Home Use of School Owned Assistive Technology

Déantús agus Sraithuimhir an Ríomhaire Ghlúine/Laptop Make and Serial Number:

Luach an ríomhaire ghlúine agus bhogearraí/Value of laptop and software:

Liosta an Bhogearraí suiteáilte/ List of Software installed:

Luach an Bhogearraí suiteáilte/Value of Software installed:

Luach aon trealaimh bhreise (liostáil)/

Value of accompanying equipment (please list in full) _____

Cinntím go bhfuil mé ag glacadh freagrachta as ríomhaire glúine gur le Gaelscoil Bhaile Brigín (Uimhir Rolla 20252P) é, tar éis na scoile nuair atá sé de dhíth ar mo pháiste.

I confirm that I accept responsibility for taking into my possession a laptop which is the property of Gaelscoil Bhaile Brigín. Roll Number: 20252P after school on weeknights when my child requires it.

Cinntím go bhfuil na tearmaí agus coinníollacha a ghabhann leis an gcomhaontú seo léite agam, go dtuigim iad agus go nglacaim leo agus go bhfuil aon pholasaithe ábhartha eile de chuid Ghaelscoil Bhaile Brigín léite agam chomh maith.

I confirm that I have read, fully understand and accept the Terms and Conditions attached to this agreement and other relevant policies as are determined by Gaelscoil Bhaile Brigín.

Ainm an Dalta/Name of Pupil: _____

Rang/Class: _____ **Múinteoir/Teacher:** _____

Siniú an Dalta/Signature of Pupil: _____

Ainm an Tuismitheora/Chaomhnóra/Name of Parent/Guardian (BLOCLITREACHA/BLOCK CAPITALS): _____

Siniú an Tuismitheora/Chaomhnóra/ Signature of Parent/Guardian:

Dáta/Date: _____

Seoladh/Address: _____

Contact Numbers: Home: _____ **Mobile:** _____

Siniú an Phríomhoide/Signature of Principal: _____ **Dáta:** _____